Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Meán Fómhair 2022 (OR. en)**

**12616/22**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0310(COD)**

**CODEC 1328**
**SOC 503**
**EMPL 344**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 28 Deireadh Fómhair 2020, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 153(2), i gcomhar le pointe (b) d'Airteagal 153(1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 24 Márta 2021[2].

3. Thug Coiste Eorpach na Réigiún a thuairim uaidh an 19 Márta 2021[3].

4. An 14 Meán Fómhair 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 12477/20 + ADD 1 go 3.
[2] IO C 220, 9.6.2021, lgh. 106–117.
[3] IO C 175, 7.5.2021, lgh. 89–95.
[4] 12331/22.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 28/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Danmhairg agus an tSualainn ag vótáil ina choinne, agus an Ungáir ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.